Timthriall an uisce

Coincheap—Gluaiseann uisce go timthriallach

NASC LEIS AN gCUACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta – An Comhshaol

Turgnamh

Beidh gá agat le:
• Mála plaisteach a bhfuil séala air - mála reoiteora nó mála ceapaire
• Lampa

1. Doirt timpeall leathchupán uisce isteach sa mhála plaisteach agus séalaigh a bharr.
2. Leag an mála cóngarach do, ach gan a bheith i dteagmháil le, bolgán an lampa. Má tá sé grianmhar lasmuigh, ní gá duit lampa a úsáid - cuir an mála amach ar leac na fuinneoige.
3. Tar éis timpeall uair an chloig féach ar an mála. An dtugann tú aon athrú faoi deara?

Gluaiseann uisce go timthriallach. Cuireann teas na gréine ar uisce galú (tabharfaidh tú braonacha uisce faoi deara ar do mhála plaisteach). De réir mar a éiríonn gal uisce fuaraíonn sí agus comhdhlúthaíonn chun go ndéantar braonacha beaga uisce di, agus sin iad déantús na scamall. Titeann an t-uisce ansin ina bháisteach agus buaileann arís le huisce na n-aibhneacha, na lochanna agus na n-aigéan agus tosaíonn an timthriall athuair.

Tuilleadh Oibre:
Is léiriú an-simplí ar thimthriall an uisce an ceann thuas. D'fhéadfá léiriú níos fearr a dhearadh is a dhéanamh chun codanna éagsúla de thimthriall an uisce a thaispeáint, dála: grian, scamaill, fearthainn, aibhneacha, locha agus aigéin.